




Idirghuí

Le haghaidh Am an Chruthaithe 2012

Arna ullmhú ag an tSiúr Catherine Brennan SSL agus ag an tSiúr Ann Concannon SSL

Grianghraf: Painéil ghréine ar Eaglais an Aontaithe, in Eaglais an Aontaithe, Caloundra, Queensland, An Astráil

Grianghraf den fheirm ghaoithe: [Chrishna](#) 

Cuid a 1

A Dhia, a chruthaitheoir, léirigh tú do chuid féile nuair a bheannaigh tú sinn le raidhse de bhronntanais atá le feiceáil againn ar fud an domhain seo, do dhomhan-sa, a bhronn tú orainn. Cabhraigh linn tréith seo na féile a thabhairt chugainn féin sa tslí go mbeimid ag maireachtáil amach anseo agus sinn aireach ar riachtanais na nglún le teacht.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Dhia, a chruthaitheoir, táimid buíoch gur cruthaíodh sinn ar do dheilbh mar dhaoine. Ach aithnímid chomh maith nach féidir leis an gcine daonna aithris chóir a dhéanamh ort. Tá éagsúlacht iomlán an domhain ag teastáil le fiú is mionspléachadh de do chuid iontais agus mórgachta a thabhairt. Cabhraigh linn slíte beatha inbhuanaithe a chleachtadh ionas go léireofar meas ar an éagsúlacht iontach seo.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Dhia, a chruthaitheoir, táimid ag maireachtáil ar dhomhan ina bhfuil sé de bhéas ag roinnt daoine bia a chaitheamh amach gan fáth ainneoin daoine eile a bheith ag dul chun leapa agus ocras orthu. Bíonn gach aon áis nua-aimseartha ag daoine áirithe agus bíonn daoine eile ann agus dalladh acu ag iarraidh uisce óil a bhaint amach dóibh féin. Foghláimis a bheith ag roinnt le chéile, agus ar an tslí seo, tréith na féile do chách a thabhairt chugainn féin.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Dhia, a chruthaitheoir, is bronntanais an-luachmhara iad an ghrian, an ghaoth, agus na tonnta mar acmhainní a chabhróidh linn inbhuanaitheacht agus bláth a thabhairt do dhaonra an domhain ar fad. Cabhraigh linn iad a úsáid go cruthaitheach chun fuinneamh inbhuanaithe a sholáthar do chách.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Bíonn eolas úr ag teacht chun solais i gcónaí ó eolaithe, ó innealtóirí agus ó scoláirí. Go gcumhdaí na forbairtí seo ar tháirgeadh an fhuinnimh inbhuanaithe ár ndomhan leochaileach, agus go gcothaí sé leas na ndaoine agus na gcréatúr go léir agus iad ar a mbealach chun sláine.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Guímid leis na Náisiúin Aontaithe, le ceannairí, bídís idirnáisiúnta, náisiúnta, agus áitiúil, agus le bainisteoirí comhlachtaí, go stiúrfadh do Spiorad iad le cinntí eagnaí a dhéanamh i dtaobh fhoinisí fuinnimh inbhuanaithe do chách.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Dhia, a chruthaitheoir, bheannaigh tú an cine daonna le tuiscint, le samhlaíocht, agus le meabhair. Taispeáin dúinn a bheith ag foghlaim ó bhotúin a rinneamar cheana, agus a bheith ag planáil don todhchaí go cruthaitheach agus go freagrach.

Ó a Dhia, bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Sagart/ceannaire

Guímis: Cuir croí agus fíis úr ionainn, a Dhia, sa treo is go mbeidh bronntanais Do Spioraid ag oibriú istigh ionainn ar son athnuachan a dhéanamh ar an domhan. Go mba aon sinn sa tslí is gurbh ionann ár gcuidse oibre agus do chuidse oibre. Iarraimid é seo in ainm Chríost, a mhaireann in éineacht leis an Spiorad Naofa agus in éineacht leatsa i gcónaí.

Áiméan



Cuid a 2

A Dhia, a chruthaitheoir, táim buíoch den domhan iontach seo a roinnimid le pobal iomlán an chruthaithe. Guímid go dtiocfaimid ar an tuiscint nach féidir a bheith ar thóir bhrabúis eacnamaíoch gan teorainn ar dhomhan a bhfuil teorannacha leis. Cabhraigh linn slí bheatha a chleachtadh ina léirímid meas ar an gcruthú go léir, bunaithe ar an tuiscint go gcaithfimid ár gcuid éileamh a laghdú chun go mbeidh seans ag beathachrutha eile maireachtáil agus teacht i mbláth.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Cuirimid isteach ar chumas an domhain sinn a chosaint trínár scoilteadh, rud a chuireann le héiginnteacht aeráide agus le héagóir dhomhanda. Cabhraigh linn cúrsaí a athrú inniu, ar mhaithe le saol an todhchaí.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Dhia, a chruthaitheoir, guímid lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha ar an domhan seo: na hainmhithe, na héin, na héisc, na plandaí, agus na feithidí.

Faighimis inspreagadh uatha sin agus a gcuid umhlaíochta agus simplíochta chun a bheith ag maireachtáil de réir do thola.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Spioraid Dé, spreag ár n-Eaglais chun comhpháirtíochtaí a chruthú le daoine agus le heagraíochtaí eile le haghaidh gnímh maidir le ceistanna tromchúiseacha a bhaineann lenár bpláinéad.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Guímid go dtiocfaidh físithe, ealaíontóirí, agus scríbhneoirí chun cinn a dhéanfaidh saothair a thabharfaidh léargais dúinn ar shlite le hathbhreithniú úr a dhéanamh ar an gCruthú.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Spioraid chruthaitheach, guímid go rachaidh an Eaglais i ngleic le Do Chruthú in athuir chun traidisiúin bhíobalta, dhiaga agus spioradálta a athdhearbhú. Treoraigh sinn chun ár saol agus an Eaglais a athrú ó bhonn i dtreo agus go mbeidís araon ina n-ionadaithe cearta do do chuid glóire.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

A Spioraid Dé, bhunaigh Tú rince an Chruthaithe; tarraing beatha amach as an mbás, aimsigh ord san anord. Glaoigh sinn chun gnímh radacaigh agus aire a thabhairt don domhan cruthaithe ina iomláine, agus chun acmhainní a roinnt leis an gcruthú ar fad, ar shlí níos cothroime.

A Dhia, guímid go n-éistfidh tú

Bronn orainn do chuid grá don Chruthú ar fad

Sagart/ceannaire

Guímis: A Dhia, a chruthaitheoir, admhaímid go bhfuil na foraoisí á scrios de bharr na húsáide a bhainimid as breoslaí iontaise agus as foirmeacha eile fuinnimh a dhéanann dochar don chomhshaol. Athraíonn siad an aeráid, na farraigí, an bhithéagsúlacht, an talamh féin, agus dá bhrí sin go léir, athraítear cothromaíocht na beatha ar ár bpláinéad leochaileach. Is é an toradh deiridh a bheidh ar an bpróiseas seo ná go ndéanfar díshealbhu ar na boicht agus ar na glúine le teacht. Cabhraigh linn rogha a dhéanamh ar son na beatha atá i mbaol – dár gcomharsana i ngar agus i gcéin, agus dá dtagann inár ndiaidh. Tabhair eolas dúinn ar an méid nach bhfuil a fhios againn faoi, ach ar bhreá linn go mbeadh tuiscint againn air, le go dtabharfaimis onóir agus oiliúint dá bhfágann gur aon sinn. Iarraimid é seo trí Chríost, ár dTiarna.

Áiméan